



Gníomhaíocht OSPS

Ceapadh an acmhainn seo agus í bunaithe ar fhíseán Sheachtain Food Dudes, leibhéal sóisearach, lá 5. Nascann an acmhainn seo leis an gcuraclam OSPS le haghaidh grúpaí ranga sna Naíonáin Shóisearach, na Naíonáin Shinsearach agus Rang a hAon.

Nascann an ghníomhaíocht seo leis na réimsí curaclaim a leanas:

OSPS > Mise > Ag tabhairt aire do mo chorp > Bia agus cothú

Teachtaireacht an Fhíseáin: Céard is féidir liom ithe i rith an lae? Is féidir 7 sciar de thorthaí agus glasraí a chur le béilí difriúla go héasca.

Na Príomhthorthaí Foghlama:

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste...

- ✓ An bia is rogha leis/léi a iniúchadh mar aon lena ról i réim chothrom bia
- ✓ Roinnt cáilíochtaí agus aicmí bia a phlé agus a iniúchadh
- ✓ A thuiscint go bhfuil roinnt freagrachta ar gach duine as aire a thabhairt dó/di féin
- ✓ An gá atá le haire a thabhairt dá c(h)orp féin a léirthuiscint agus conas aire a thabhairt dó a chiallú d'fhonn é a choimeád sláintiúil folláin

Treoirínite don Mhúinteoir:

- ✓ Iarr ar na daltaí sneaic agus ceapaire sláintiúil a chruthú, bunaithe ar an méid a d'fhoghlaim siad trí Food Dudes faoin tábhacht a bhaineann le cloí le réim bia chothrom agus shláintiúil agus "Bogha Ceatha a Ithe".
- ✓ Spreag na daltaí le torthaí agus glasraí a chur ina sneaic agus ceapaire.




Dé hAoine | Lá a Cúig

Na Naíonáin Shóisearacha na Naíonáin
Shinsearacha agus Rang a hAon



Seachtain Food Dudes

Mo Bhosca Lóin Sláintiúil



An Roinn Talmhaíochta,
Bia agus Mara
Department of Agriculture,
Food and the Marine



With financial support
from the European Union